
# Teaghlaigh Éagsúla

**Éist le 6 thuairisc faoi theaghlaigh éagsúla sa mhír seo. Scríobh an uimhir cheart sa bhosca leis an bpictiúr cuí.**



## Script

**A haon:** Is baintreach fir mé. Fuair mo bhean chéile bás cúpla bliain ó shin. Tá beirt iníonacha agam agus mac amháin. Táimid inár gcónaí i Luimneach. Tá m'athair ina chónaí linn le cúpla bliain anuas.

**A dó:** Tá cúigear i mo theaghlach, mo thuismitheoirí san áireamh. Séamus is ainm do m'athair agus Kitty is ainm do mo mháthair. Tá beirt deirfiúracha agam, Anna agus Lisa. Is é Jimmy mo pháirtí.

**A trí:** Irene is ainm dom. Tá beirt deirfiúracha agus beirt deartháireacha agam. Tá mé i mo chónaí gar do mo dheirfiúr, Sharon. Is duine singil mé. Tá mac óg agam, Tomás is ainm dó.

**A ceathair:** Is mise Muireann. Níl aon deartháir ná deirfiúr agam. Tá mé pósta le Paschal. Tá iníon amháin againn agus tá mo thuismitheoirí ina gcónaí linn freisin.

**A cúig:** Jonathan is ainm dom. Tá mé pósta le Simone le sé bliana anois. Is as an Fhrainc do Simone. Tá iníon amháin againn, Sarah, atá ceithre bliana d'aois agus táimid ag súil le páiste eile. Táimid inár gcónaí i gCorcaigh.

**A sé:** Is mise Simon. Tá mé colscartha ó mo chéad bhean chéile, Joan, agus tá mé pósta anois le Gina. Tá mac amháin agam agus tá beirt mhac ag Gina.